


ÉIRE

# Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm DHLÍ AN AONTAIS EORPAIGH


Tuarascáil Bhliantúil 2019

GA


## Cásanna maidir le sárú a tionscnaíodh i gcoinne na hÉireann a bhí ar siúl an 31 Nollaig (2015-2019)




## Cásanna nua maidir le sárú a tionscnaíodh in 2019: na príomhréimsí beartais




**Cásanna maidir le sárú a bhain le trasuí déanach a tionscnaíodh i gcoinne na hÉireann a bhí ar siúl an 31 Nollaig (2015-2019)**



**Cásanna nua maidir le sárú a bhain le trasuí déanach a tionscnaíodh i gcoinne na hÉireann (2015-2019)**



**Cásanna nua maidir le sárú a tionscnaíodh in 2019: na príomhréimsí beartais**



## BREITHIÚNAIS THÁBHACHTACHA

### Rialuithe cúirte<sup>1</sup>

Rialaigh an Chúirt an méid seo a leanas:

- Níor chomhlíon Éire breithiúnas Cúirte a tugadh roimhe sin<sup>2</sup>, breithiúnas lena ceanglaíodh go gcuirfí measúnú ceartaitheach tionchair ar an gcomhshaol i gcrích maidir le forbairt mhór feirme gaoithe i nDaraidh Braoin. Thug an Chúirt ordú d'Éirinn cnapshuim EUR 5 000 000 a íoc chomh maith le híocaíocht phionósach thréimhsiúil EUR 15 000 in aghaidh gach lá moille go dtí go gcomhlíonfaidh Éire an breithiúnas<sup>3</sup>.
- Níor chomhlíon Éire ceanglais na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh i ndáil le roinnt ceirtleán toisc nár chuir sí córais bailithe fuíolluisce chomhlíontacha ar bun chun dul i ngleic le doirteadh iomarcach de bharr forscitheadh uisce stoirme agus toisc gur theip uirthi cóireáil leormhaith fuíolluisce uirbigh a sholáthar<sup>4</sup>.

### Réamhrialuithe

Chuir an Chúirt na réamhrialuithe seo a leanas faoi bhráid bhreithiúna na hÉireann:

- Bíodh is go bhféadfadh náisiúnach tríú tír atá pósta le saoránach den Aontas Eorpach ceart cónaithe i mBallstát a chailleadh tar éis don saoránach den Aontas Eorpach an Ballstát óstach a fhágáil, tá feidhm ag na coimircí nós imeachta a leagtar síos sa Treoir maidir le Saorghluaiseacht ar dhíbirt an náisiúnaigh tríú tír sin ón mBallstát óstach<sup>5</sup>.
- Maidir le saoránach den Aontas Eorpach a fhaigheann stádas an oibrí i mBallstát eile le haghaidh na hoibre a raibh sé ag gabháil di le linn thréimhse dhá sheachtain sular dífhostaíodh é dá ainneoin, coinneoidh sé an stádas sin go ceann thréimhse eile nach lú ná sé mhí. Ní mór don saoránach clárú mar chuardaitheoir poist leis an oifig fostaíochta ábhartha. D'fhéadfadh aon teidlíocht faoin dlí náisiúnta ar shochair slándála sóisialta nó ar chúnamh sóisialta a bheith faoi choinníoll thréimhse fostaíochta sonraithe má tá feidhm ag an gcoinníoll céanna ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann<sup>6</sup>.
- Oifigí an stiúirthóra ionchúiseamh poiblí i mBallstát, mar atá i gcás na Gearmáine, oifigí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir orduithe nó treoracha ón bhfeidhmeannas, go díreach nó go hindíreach, amhail an tAire Dlí agus Cirt, ní féidir na hoifigí sin a mheas mar “údarás breithiúnach eisiúna” i ndáil le barántas gabhála Eorpach a eisiúint<sup>7</sup>.
- “Údarás breithiúnach eisiúna” is ea an tArd-Ionchúisitheoir i mBallstát, mar atá i gcás na Liotuáine, a dtugann a sheasamh dlí ráthaíocht dó maidir le neamhspleáchas ar an bhfeidhmeannas agus barántas gabhála Eorpach á eisiúint aige. Nuair nach cúirt í féin an t-údarás inniúil breithiúnach eisiúna faoin dlí náisiúnta, ní mór don chinneadh maidir le barántas gabhála Eorpach a bheith faoi réir imeachtaí cúirte a chomhlíonann ceanglais na cosanta breithiúnaí éifeachtaí<sup>8</sup>.
- Ó tharla gur thug Ballstát fógra go raibh rún aige tarraingt siar as an Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 50 CAE, Ballstát a ainmníodh é le bheith freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta de bhun na rialacha a leagtar amach i Rialachán Bhaile Átha Cliath, ní chuireann sin d'oibleagáid ar an mBallstát lena taisceadh an t-iarratas scrúdú a dhéanamh ar an iarratas é féin<sup>9</sup>.
- Ní gá do dhuine a bheith ag gabháil d'obair mar dhuine fostaithe i mBallstát chun a bheith i dteideal sochair theaghlaigh má tá cónaí ar a leanaí i mBallstát eile<sup>10</sup>.

<sup>1</sup> Is le linn nósanna imeachta maidir le sárú amháin a thugtar na rialuithe seo, nach mór.

<sup>2</sup> *An Coimisiún v Éire*, [C-215/06](#).

<sup>3</sup> *An Coimisiún v Éire*, [C-261/18](#) agus preaseisiúint ón gCúirt Uimh. [142/2019](#).

<sup>4</sup> *An Coimisiún v Éire*, [C-427/17](#), Treoir [91/271/EEC](#)

<sup>5</sup> *Nalini Chenchooliah v An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais*, [C-94/18](#), Treoir [2004/38/EC](#).

<sup>6</sup> *Neculai Tarola v an tAire Coimirce Sóisialaí*, [C-483/17](#).

<sup>7</sup> *OG agus PI*, [C-508/18](#) and [C-82/19](#).

<sup>8</sup> *PF*, [C-509/19](#).

<sup>9</sup> *M.A. agus Eile*, Cás [C-661/17](#).

<sup>10</sup> *Bogatu*, [C-322/17](#).